



An Bhruiséil, 16 Bealtaine 2022
(OR. fr)

8576/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0106(COD)**

LIMITE

**TELECOM 173
JAI 553
COPEN 145
CYBER 141
DATAPROTECT 115
EJUSTICE 47
COSI 108
IXIM 101
ENFOPOL 220
FREMP 83
RELEX 541
MI 321
COMPET 269
CODEC 570**

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	8115/20
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (Gníomh um an Intleacht Shaorga) agus lena leasaítear gníomhartha áirithe reachtacha de chuid an Aontais - Tuarascáil ar dhul chun cinn

I. RÉAMHRÁ

1. Ghlac an Coimisiún an togra le haghaidh Rialachán lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (Gníomh um an Intleacht Shaorga) an 21 Aibreán 2021¹.

¹ 8115/21.

2. Is iad cuspóirí an togra ón gCoimisiún, atá bunaithe ar Airteagail 114 agus 16 CFAE, a áirithiú go bhfuil córais intleachta saorga (IS) a chuirtear ar mhargadh an Aontais agus a úsáidtear san Aontas sábháilte agus go n-urramaíonn siad an dlí atá ann cheana maidir le cearta bunúsacha agus luachanna an Aontais, chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú d'fhonn infheistíocht agus nuálaíocht san intleacht shaorga a éascú, chun rialachas agus forfheidhmiú éifeachtach an dlí atá ann cheana maidir le cearta bunúsacha agus sábháilteacht a fheabhsú, agus chun forbairt margaidh aonair a éascú d'fheidhmchláir intleachta saorga dhleathacha shábháilte iontaofa agus ilroinnt sa mhargadh a sheachaint ag an am céanna.
3. I bParlaimint na hEorpa, ainmníodh an Coiste um an Margadh Innheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO) agus an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE) mar choistí inniúla i gcomhréir leis an nós imeachta comhchoiste faoi Airteagal 58. Ceapadh beirt chomhrapóirtéirí: Brando BENIFEI (S&D, an Iodáil) de chuid Choiste IMCO agus Dragoș TUDORACHE (*Renew*, an Rómáin) de chuid Choiste LIBE. Le cois an dá choiste thuasluaite, ainmníodh an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (JURI), an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE) agus an Coiste um Chultúr agus um Oideachas (CULT) mar choistí comhlachaithe. D'fhoilsigh na comhrapóirtéirí a ndréacht-tuarascáil an 20 Aibreán 2022.
4. Chuathas i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus le Coiste Eorpach na Réigiún araon maidir leis an togra, agus cuireadh iarrataí foirmiúla ar thuairimí chuig an dá institiúid an 15 Meitheamh 2021 agus an 24 Meitheamh 2021 faoi seach. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh maidir leis an togra an 22 Meán Fómhair 2021², agus thug Coiste Eorpach na Réigiún a thuairim siúd uaidh an 2 Nollaig 2021³.

² [Tuairim CESE maidir leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga \(Gníomh um an Intleacht Shaorga\) agus lena leasaítear gníomhartha áirithe reachtacha de chuid an Aontais.](#)

³ [Coiste Eorpach na Réigiún: Cur chuige Eorpach maidir leis an intleacht shaorga – Gníomh um an Intleacht Shaorga \(tuairim athbhreithnithe\).](#)

5. An 18 Meitheamh 2021, d'eisigh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB) agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) tuairim chomhpháirteach maidir leis an togra⁴.
6. Iarradh ar an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) a thuairim a thabhairt maidir le gnéithe áirithe den togra, a thagann faoina réimse inniúlachta nó a thagann faoina fhreagrachtaí. Sheol an Chomhairle an t-iarratas foirmiúil an 3 Samhain 2021. Thug BCE a thuairim uaidh an 29 Nollaig 2021 agus chuir sé i láthair na Meithle um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise (dá ngairfear 'an Mheitheal TELECOM' anseo feasta) í.

II. AN OBAIR I dTIONÓL NA COMHAIRLE

7. Scrúdaigh an Mheitheal TELECOM an togra, i dtionól na Comhairle. Chuir an Mheitheal TELECOM tús leis an bplé faoin togra faoi Uachtaránacht na Portaingéile, mar ar eagraigh sí cruinnithe agus ceardlanna éagsúla idir mí Aibreáin agus mí an Mheithimh 2021.
8. Lean an Mheitheal TELECOM d'anailís a dhéanamh ar an togra faoi Uachtaránacht na Slóivéine le linn cruinnithe agus ceardlanna éagsúla. Lena linn sin, chuir an Coimisiún téacs iomlán an togra le haghaidh rialacháin i láthair go mion agus rinne na toscaireachtaí é a phlé roimh ré. Ina theannta sin, d'eagraigh Uachtaránacht na Slóivéine Comhairle neamhfhoirmiúil leathlae do na hAirí Teileachumarsáide a bhí dírithe go sonrach ar an togra le haghaidh Gníomh um an Intleacht Shaorga, Comhairle inar dhearbhaigh na hairí go dtacaíonn siad leis an gcur chuige cothrománach maidir le rialáil na hintleachta saorga, ar cur chuige é atá dírithe ar an duine. Ar deireadh, ar bhonn barúlacha i scríbhinn ó na toscaireachtaí, dhréachtaigh Uachtaránacht na Slóivéine an chéad togra comhréitigh páirteach lena gcumhdaítear Airteagail 1 go 7 agus Iarscríbhinní I go III den togra le haghaidh Gníomh um an Intleacht Shaorga agus chuir sí faoi bhráid na dtoscaireachtaí é ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal TELECOM an 30 Samhain 2021.

⁴ [Tuairim Chomhpháirteach EDPB-MECS 05/2021](#).

9. Chrom Uachtaránacht na Fraince ar a cuid oibre, ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal TELECOM an 11 Eanáir 2022, le plé ar an gcomhréiteach páirteach a d'ullmhaigh Uachtaránacht na Slóivéine . Ina dhiaidh sin, d'ullmhaigh Uachtaránacht na Fraince na codanna seo a leanas den chéad togra comhréitigh, agus na barúlacha i scríbhinn agus na moltaí maidir le dréachtú a fuarthas ó na toscaireachtaí faoi Uachtaránacht SI (maidir le hAirteagail 8 go 29 agus Iarscríbhinn IV) á gcur san áireamh, mar aon le barúlacha i scríbhinn agus moltaí maidir le dréachtú a bhain leis an gcuid eile den téacs (Airteagail 30 go 85 agus Iarscríbhinní V go IX), a bhí curtha isteach ag formhór na dtoscaireachtaí faoi deireadh mhí Eanáir 2022. Mar chuid den obair sin, d'ullmhaigh Uachtaránacht na Fraince sraith téacsanna comhréitigh páirteacha lena gcumhdaítear Airteagail 8 go 85, maille leis na harscríbhinní agus na haithrisí, téacsanna a cuireadh i láthair agus a pléadh ag cruinnithe na Meithle TELECOM an 18 Eanáir 2022, an 10 agus an 22 Feabhra 2022, an 10 agus an 22 Márta 2022, an 28 Aibreán 2022 agus an 5, an 10 agus an 17 Bealtaine 2022. Lena chois sin, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar ábhair shonracha inní an phobail Ceartais agus Gnóthaí Baile, rinne Uachtaránacht na Fraince athdhréachtú ar fhorálacha áirithe den dréacht-Rialachán ina iomláine a bhaineann leis an réimse sin. Cuireadh na forálacha sin i láthair agus pléadh iad ina dhiaidh sin ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal TELECOM an 7 Aibreán 2022, a eagraíodh i gcomhar le pobal CGB. **Tá an chéad togra comhréitigh ón gComhairle le haghaidh Gnímh um an Intleacht Shaorga tugtha chun críche ag Uachtaránacht na Fraince.**
11. Ina theannta sin, an 24 Deireadh Fómhair 2022, d'iarr Uachtaránacht na Fraince ar thoscaireachtaí na Meithle TELECOM a mbarúlacha i scríbhinn agus a gcuid moltaí maidir le dréachtú i dtaobh Airteagail athdhréachtaithe 40 go 55a a thíolacadh, le go bhféadfaí tús a chur leis an obair ar an dara téacs comhréitigh páirteach den togra. Tá sé beartaithe ag Uachtaránacht na Fraince tuilleadh anailíse a dhéanamh, as seo go deireadh a téarma, ar na barúlacha maidir le hAirteagail 53 go 55a (Bearta Nuálaíochta) agus an dara téacs comhréitigh páirteach lena gcumhdaítear na hairteagail sin a chur faoi bhráid na Meithle TELECOM ag ceann de na cruinnithe deireanacha a bheidh aici i mí an Mheithimh 2022.

12. Ó thaobh substainte de, i bhfianaise gur infheidhme píosáí tábhachtacha eile reachtaíochta a bhaineann le forbairt agus úsáid na hintleachta saorga san Aontas, amhail an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí, etc., rinne Uachtaránacht na Fraince an téacs a athbhreithniú chun cothromaíocht a bhaint amach idir an gá atá le cosaint na slándála agus na gceart bunúsach agus an gá atá le tacú leis an bhfás, leis an iomaíochas agus leis an nuálaíocht, athbhreithniú lena gcuirtear rialacha soiléire comhréireacha ar fáil do na geallsealbhóirí chun tacú le forbairt IS eiticiúil agus freagrach san Aontas.

Is iad seo a leanas, go sonrach, na príomh-shaincheistanna ar thug Uachtaránacht na Fraince aghaidh orthu sa chuid sin den chéad togra comhréitigh a ndearna sí athbhreithniú air (Airteagail 8 go 85 agus Iarscríbhinní IV go IX):

a) **Ceanglais maidir le córais intleachta saorga ardriosca**

13. Soiléiríodh go leor de na ceanglais is infheidhme maidir le córais intleachta saorga ardriosca, mar a leagtar síos i gCaibidil 2 de Theideal III den togra iad, agus cuireadh in oiriúint iad ionas nach mbeidís chomh dian céanna ná chomh ceangailteach ar na geallsealbhóirí, mar shampla maidir le cáilíocht sonraí, nó maidir leis an doiciméadacht theicniúil ba cheart do FBManna a sholáthar lena léiriú go bhfuil na ceanglais á gcomhlíonadh ag na córais intleachta saorga ardriosca s'acu.
14. Ina theannta sin, d'aithin Uachtaránacht na Fraince sa téacs athbhreithnithe go bhféadfadh sé go bhfuil ceanglais áirithe ar neamhréir le chéile, rud a d'fhágfadh go gcaithfí teacht ar chomhréiteach le linn an chur chun feidhme, mar shampla maidir le cruinneas agus stóinseacht, nó cosaint an phríobháideachais (íoslaghdú sonraí) nó cothroime. Ba cheart, agus an méid sin á aithint, go mbeadh solúbthacht áirithe anois ag soláthraithe córas intleachta saorga ardriosca agus a gcórais bainistithe riosca á mbunú acu.

Shoiléirigh Uachtaránacht na Fraince freisin cé na cineálacha rioscaí a chumhdaítear leis na forálacha bainistithe riosca lena áirithiú gur ar na rioscaí sin a bhféadfaidh siad bearta réasúnta réadúla a dhéanamh ina leith agus córais IS á bhforbairt acu, agus ar na rioscaí sin amháin, is gá do sholáthraithe aghaidh a thabhairt orthu.

b) Na freagrachtaí atá ar ghníomhaithe éagsúla i luachshlabhra na hintleachta saorga

15. Ós rud é go ndéantar córais intleachta saorga a fhorbairt agus a dháileadh trí luachshlabhraí casta, áit nach mbíonn teorainneacha idir gníomhaithe éagsúla sainithe go soiléir i gcónaí, thug Uachtaránacht na Fraince roinnt leasuithe isteach lena soiléirítear leithdháileadh na ról agus na bhfreagrachtaí, chun léiriú níos fearr a thabhairt ar a bhfuil i gceist i ndáiríre le córas intleachta saorga a dhearadh, a chur ar an margadh nó a oibriú. Mar shampla, tá forálacha breise sa téacs athbhreithnithe lena gceadaítear comhar níos éifeachtaí idir soláthraithe agus úsáideoirí. Tá sé d'aidhm leis freisin an gaol idir na freagrachtaí faoin nGníomh atá beartaithe um an Intleacht Shaorga agus na freagrachtaí atá ann cheana faoi ghníomhartha reachtacha eile amhail RGCS, a shoiléiriú.
16. Ina theannta sin, mheas Uachtaránacht na Fraince go raibh sé tábhachtach go gcuirfí in iúl ar bhealach níos soiléire sa téacs na cásanna ina gceanglaítear ar ghníomhaithe eile sa luachshlabhra freagrachtaí an tsoláthróra a ghlacadh orthu féin.

c) Measúnuithe comhréireachta, forfheidhmiú agus rialachas

17. D'fhoneadh a thabhairt ar na hábhair inné maidir le castacht iomarcach an chreata comhlíontachta atá molta sa Gníomh um an Intleacht Shaorga, thug Uachtaránacht na Fraince roinnt soiléirithe agus simplithe i dtaobh na bhforálacha maidir leis na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a bheidh le leanúint i gcás gach cineál córais intleachta saorga ardriosca, agus príomhghnéithe an chur chuige a mhol an Coimisiún ar bhonn reachtaíocht an chreata nua reachtaigh á gcaomhnú ag an am céanna.
18. Rinne Uachtaránacht na Fraince leasú freisin ar na forálacha maidir le faireachas margaidh ionas go mbeidís níos éifeachtaí agus ionas gur fusa iad a chur chun feidhme, agus an gá atá le cur chuige comhréireach ina leith sin á chur san áireamh.

19. Rinne Uachtaránacht na Fraince leasú substaintiúil freisin ar na forálacha maidir leis an gCoiste um an Intleacht Shaorga (dá ngairfear ‘an Coiste’, anseo feasta), ionas gur mó neamhspleáchas a bheidh aige agus chun treisiú leis an ról a bheidh aige i struchtúr rialachais an Ghnímh um an Intleacht Shaorga. Athraíodh comhdhéanamh an Choiste le go n-áireofaí ionadaithe ó na Ballstáit agus saineolaithe neamhspleácha, agus an cathaoirleach á roghnú as measc ionadaithe na mBallstát. Beidh ról níos mó ag an mBord i gcur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Ghnímh um an Intleacht Shaorga, trí chomhairle agus moltaí a chur ar fáil don Choimisiún, mar shampla maidir leis an ngá atá ann Iarscríbhinní I agus III a leasú, agus trí thuairimí a sholáthar ar raon saincheisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm an Ghnímh um an Intleacht Shaorga. Ina theannta sin, ar bhonn na n-athruithe a thug Uachtaránacht na Fraince isteach, éascóidh an Coiste an comhar le comhlachtaí, grúpaí saineolaithe agus líonraí ábhartha an Aontais i ndáil leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga.
20. Rinne Uachtaránacht na Fraince simpliú, tríd is tríd, ar an struchtúr rialachais trí dheireadh a chur le coincheap an údaráis maoirseachta ar an leibhéal náisiúnta, rud a thugann breis solúbthachta do na Ballstáit maidir le hainmniú na n-eintiteas atá freagrach as comhordú agus cur chun feidhme an Ghnímh um an Intleacht Shaorga. Ar na cúiseanna céanna, chuir Uachtaránacht na Fraince síneadh freisin leis na spriocdhátaí faoinar cheart do na Ballstáit na forálacha maidir le bunú an ollstruchtúir rialachais a chur chun feidhme.
21. I bhfianaise gur gníomh úrnua é an Gníomh atá beartaithe um an Intleacht Shaorga agus i bhfianaise a chasta atá sé, agus chun freagairt don ghá atá le tacú le cur chun feidhme an Rialacháin seo, chinn Uachtaránacht na Fraince airteagal nua a chur isteach lena bhforchuirtear oibleagáid ar an gCoimisiún treoir a fhorbairt maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin, ag díriú ar ábhair amhail cur i bhfeidhm na gceanglas atá ar chórais intleachta saorga ardriosca, cleachtais thoirmiscthe intleachta saorga agus cur chun feidhme praiticiúil na bhforálacha maidir le hathruithe substaintiúla. Soiléirítear sa téacs freisin go bhféadfadh na Ballstáit agus an Coiste araon treoir den sórt sin a iarraidh, nó go bhféadfaí í a fhorbairt ar thionscnamh an Choimisiúin.

22. Ar deireadh, laghdaíodh na smachtbhannaí i leith sárúithe ar fhorálacha an Ghnímh atá beartaithe um an Intleacht Shaorga i gcás FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta mar léiriú ar an tábhacht a bhaineann leo in éiceachóras na hintleachta saorga agus chun na srianta sonracha atá orthu a chur san áireamh.

d) Forálacha a bhaineann le húdaráis forfheidhmithe dlí

23. D'fhonn saineúlachtaí agus srianta ar leith na n-údarás forfheidhmithe dlí a chur san áireamh, rinne Uachtaránacht na Fraince roinnt leasuithe ar na forálacha maidir le húsáid na gcóras IS chun críocha fhorfheidhmiú an dlí. Go háirithe, rinneadh sainmhínte gaolmhara áirithe a bheachtú, amhail an 'córas catagóirithe bithmhéadraigh', an 'córas sainaitheanta bithmhéadraí' agus an 'córas sainaitheanta bithmhéadraí fíor-ama', chun a shoiléiriú cé na cásanna a thiocfadh faoin toirmeasc in Airteagal 5(1)(d) agus cé na cásanna nach dtiocfadh. Rinneadh roinnt leasuithe freisin maidir leis na forálacha a leagtar amach in Airteagal 5 (1)(d) agus 5 bis, d'fhonn a raon feidhme a shoiléiriú agus d'fhonn an fhoclaíocht a ailíniú leis an téarmaíocht a úsáidtear i ndlí ábhartha an Aontais maidir le ceartas agus forfheidhmiú an dlí.

24. Ina theannta sin, cuireadh isteach foráil nua le go mbeadh breis solúbthachta ag na húdaráis forfheidhmithe dlí i gcás práinne ar leith, foráil lena gcruthaítear an fhéidearthacht údarú *ex post* a iarraidh ar na húdaráis sin maolú sealadach a dhéanamh ar na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta i gcás córais intleachta saorga ardriosca. Déantar foráil leis an togra comhréitigh freisin d'eisceacht ar na hoibleagáidí trédhearcachta ar úsáideoirí córas intleachta saorga a úsáidtear chun mothúcháin a aithint, rud a cheadaítear faoin dlí i gcomhthéacs imscrúduithe coiriúla.

25. Ar deireadh, tá go leor mionleasuithe sa togra comhréitigh arb é is aidhm dóibh a áirithiú gur mó an tsolúbthacht a bheidh ag údaráis forfheidhmithe dlí agus córais intleachta saorga ardriosca á n-úsáid acu, mar shampla maidir leis an bhfaisnéis ba chearta a thaifeadh i mbunachar sonraí an Aontais Eorpaigh i ndáil lena gcórais intleachta saorga ardriosca, nó maidir leis na hoibleagáidí a bhaineann le rúndacht na faisnéise atá i seilbh na n-údarás sin.

e) **IS ilfhóinteach**

24. Rinne Uachtaránacht na Fraince athbhreithniú ar na forálacha maidir le córais IS ilfhóinteacha chun cothromaíocht níos fearr a bhaint amach idir na ceanglais agus na hoibleagáidí atá ar sholáthraithe na gcóras sin agus atá ar sholáthraithe na gcóras intleachta saorga ardriosca ar dócha a mbainfidh siad úsáid astu. Ba i gcomhréir le cuspóir foriomlán an togra le haghaidh Gníomh um an Intleacht Shaorga a leagadh síos na coinníollacha maidir le córais den sórt sin a chur ar mhargadh an Aontais, is é sin le rá, muinín san intleacht shaorga a fheabhsú agus margadh intleachta saorga atá iomaíoch, freagrach agus eiticíúil a chur chun cinn san Aontas. Is é is aidhm do na leasuithe sin leithdháileadh cothrom na bhfreagrachtaí agus cothrom na Féinne a áirithiú fud fad luachshlabhra na hintleachta saorga.

f) **Bearta chun tacú leis an nuálaíocht**

25. D'fhoill creat dlíthiúil a bheadh níos fabhraí don nuálaíocht agus a sheasfadh an aimsir a chruthú, rinne Uachtaránacht na Fraince leasú suntasach ar na forálacha maidir le bearta chun tacú leis an nuálaíocht. Ar an gcéad dul síos, soiléiríodh gur cheart do bhoscaí gainimh rialála na hintleachta saorga, atá ceaptha le timpeallacht rialaithe a chruthú ina ndéanfar córais nuálacha intleachta saorga a fhorbairt, a thástáil agus a bhailíochtú faoi mhaoirseacht dhíreach agus faoi threoir na n-údarás inniúil náisiúnta, gur cheart dóibh córais nuálacha intleachta saorga a thástáil faoi dhálaí fíorshaoil. Ar an dara dul síos, cuireadh isteach forálacha nua lena gceadaítear, faoi choinníollacha sonracha, tástáil fíorshaoil ar chórais intleachta saorga, gan mhaoirseacht. Sa dá chás, soiléirítear sa téacs conas is ceart na rialacha nua sin a léirmhíniú i ndáil le reachtaíocht earnála eile atá ann cheana maidir le boscaí gainimh rialála. Ar deireadh, d'fhoill an t-ualach riaracháin ar fhiontair bheaga nuálacha a laghdú, foráiltear leis an gcomhréiteach do mhaolú speisialta lena ndíolmhófar micrifhiontair (mar a shainmhíníonn an t-Aontas Eorpach iad) ón oibleagáid córas bainistithe cáilíochta a bhunú, a shainaithear mar cheann de na príomhchostais ar na gníomhaithe sin.

III. NA PRÍOMH-SHAINCHEISTEANNA ATÁ FÓS GAN RÉITEACH

26. Cé is moite de na príomh-shaincheisteanna a dtugtar aghaidh orthu sa togra comhréitigh agus a leagtar amach thuas, shainaithin Uachtaránacht na Fraince na pointí seo a leanas mar shaincheisteanna breise, a mbeidh tuilleadh anailíse ag teastáil ina leith le linn pléití a dhéanfar amach anseo ar an togra:

a) **Sainmhíniú ar chóras IS agus aicmiú córas IS mar chórais ardriosca**

27. Measann roinnt Ballstát fós go bhfuil an sainmhíniú ar chóras IS débhríoch agus róleathan agus nach dtugtar leis critéir shoiléire go leor chun an intleacht shaorga a idirdhealú ó chórais bhogearraí níos traidisiúnta. Tá amhras ann freisin faoin aicmiú a dhéantar ar chórais IS mar chórais ardriosca ar bhonn théarmaí ginearálta an togra, agus is cúis inní go bhféadfadh a leithéid de chur chuige córais neamhdhíobhálacha intleachta saorga a chuimsiú freisin, ar córais iad nach dócha go ndéanfaí sáruithe tromchúiseacha ar chearta bunúsacha a bhuí leo nó nach dócha go ngabhfadh rioscaí suntasacha eile leo. Tá na saincheisteanna sin tábhachtach i ndearadh foriomlán an Ghnímh um an Intleacht Shaorga agus beidh tuilleadh plé ag teastáil ina leith.

b) **Oiriúnú an chreata rialachais**

28. Mhol roinnt toscaireachtaí go bhféadfaí an creat rialachais a oiriúnú, agus d'áitigh siad go mbeadh laincísí le cur i bhfeidhm ró-dhíláraithe ar an leibhéal náisiúnta sa chibearspás. D'fhéadfadh gur mhaith an rud é anailís a dhéanamh féachaint an bhféadfaí an creat rialachais atá beartaithe faoi láthair a athbhreithniú go páirteach ar a laghad chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair inní sin.

c) **Soiléiriú breise ar fhorálacha forfheidhmithe dlí**

29. Cé gur iarr roinnt toscaireachtaí go mbeadh ionstraim dlí ar leith ann, nó ar a laghad caibidil ar leith sa togra le haghaidh Gníomh um an Intleacht Shaorga, lena dtabharfaí aghaidh ar riachtanais shonracha údarás poiblí áirithe i réimsí fhorghníomhú an dlí, na himirce, an tearmainn nó na n-imscrúduithe airgeadais, is cosúil go dtacaíonn formhór mór na mBallstát le cur chuige cothrománach reatha an togra le haghaidh Gníomh um an Intleacht Shaorga. Cé gur díol sásaimh don chuid is mó é an tslándáil náisiúnta a eisiamh go sainráite ó raon feidhme an togra, measann roinnt toscaireachtaí, mar sin féin, go bhfuil gá le soiléiriú breise ar choincheap na slándála náisiúnta d'fhonn a shoiléiriú cad é atá eisiata agus cad é nach bhfuil. Ina theannta sin, na forálacha sonracha éagsúla maidir le forfheidhmiú an dlí atá athbhreithnithe i bpáirt ag Uachtaránacht na Fraince, d'fhéadfadh sé gur gá tuilleadh anailíse agus forbartha a dhéanamh orthu, mar shampla iad siúd a bhaineann le córais intleachta saorga atá toirmiscthe agus le heisceachtaí in Airteagal 5, i gcás inar iarr Ballstáit áirithe bearta níos déine, cé gur chuir roinnt Ballstát eile in iúl go dtacaíonn siad le laghdú ar na srianta atá ar údarais forfheidhmithe dlí i dtaobh úsáid na hintleachta saorga i ngeall ar thoirmeasc agus aicmiú ardriosca.

d) **Cumhachtaí a tharmligean chuig an gCoimisiún**

30. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le tuilleadh oiriúnuithe a dhéanamh ar na forálacha maidir leis an liosta de theicnící agus cineálacha cur chuige intleachta saorga a leagtar amach in Iarscríbhinn I a thabhairt cothrom le dáta, chomh maith leis na forálacha maidir leis an liosta de chórais intleachta saorga ardriosca a leagtar amach in Iarscríbhinn III a thabhairt cothrom le dáta. Cuireann siad de cheangal anois ar an gCoimisiún tuarascáil a thabhairt go tráthrialta do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis an measúnú ar an ngá atá le leasuithe den sórt sin, ach tá sé curtha in iúl ag roinnt Ballstát go bhféadfadh sé go mbeadh gá fós le srian a chur ar tharmligean leathan cumhachtaí den sórt sin chuig an gCoimisiún i ndáil leis sin.

e) **Gaol le píosáí eile reachtaíochta**

31. Cé go ndearna Uachtaránacht na Fraince iarrachtaí suntasacha le linn an phróisis dréachtaithe chun comhsheasmhacht agus sineirgí an Ghnímh um an Intleacht Shaorga atá beartaithe le creat reachtach ginearálta an Aontais a áirithiú, go háirithe leis na ceanglais atá leagtha síos cheana leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, leis an Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí agus leis an gCreat Reachtach Nua, tá gá le tuilleadh anailíse chun deireadh a chur le héagsúlachtaí dlíthiúla a d'fhéadfadh a bheith ann d'fhonn rioscaí na neamhchomhlíontachta a íoslaghdú, chun éiginnteacht dhlíthiúil agus dúbláil a sheachaint agus chun iarrachtaí forfheidhmiúcháin a éascú.

IV. CONCLÚID

32. Iarrtar ar Coreper an tuarascáil seo ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht a thabhairt dá aire, d'fhonn é a chur faoi bhráid na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Teileachumarsáid) ag an gcrúinniú a bheidh aici an 3 Meitheamh 2022.